



Freagairt AE ar ráig COVID-19

Doiciméad - 03/04/2020

íoslódáil an foilseachán seo i formáid PNG

Mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 tá sraith de bhearta ann ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE.

Cé gur faoi na Ballstáit féin atá sé cinntí a dhéanamh maidir le hospidéal a fheistiú, scoileanna a dhúnadh nó srianta a thabhairt isteach, tá bearta tacaíochta comhaontaithe ag an AE chun cabhrú le rialtais náisiúnta an víreas a chomhrac.

De bharr luas na gcinntí agus an iliomad comhlachtaí AE atá páirteach san iarracht sin, ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé atá freagrach as a bhfuil i gceist. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh mearbhall agus éiginnteacht a bheith ann i measc an phobail.

Tá sé de chúram ar an Ombudsman Eorpach faireachán a dhéanamh ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht institiúidí AE, agus cabhrú le daoine a chur ar an eolas maidir leo siúd a dhéanann cinntí ar an leibhéal AE agus ar an gcaoi a ndéanann siad cinntí.

Seo a leanas achoimre ar chuid de na gníomhartha.

BALLSTÁIT

Téann **Ballstáit** i ngleic leis an ngéarchéim ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE. Ar an leibhéal AE, déanann airí náisiúnta sa **Chomhairle** cinntí i gcomhar le FPEanna sa **Pharlaimint** ar chomhbhearta. Ina measc seo, baintear leas as cistí AE chun córais chúraim sláinte a neartú.

Na nuashonruithe is déanaí ón gComhairle:

<https://www.consilium.europa.eu/ga/topics/covid-19/>

Freagairt AE ar an gcoróinvíreas, ar láithreán gréasáin na Parlaiminte:

<https://www.europarl.europa.eu/news/ga/headlines/priorities/freagairt-ae-ar-an-gcoroinvireas>

AN COIMISIÚN EORPACH

Déanann sé an chomhfhreagairt AE a chomhordú agus tacaíonn sé le beartais náisiúnta.

Samplaí:

- Fearas leighis a sholáthar
- Solúbthacht bhuiséid AE
- Saoránaigh a chur ar ais chun a dtíre féin
- Tacú le taighde



https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/health/coronavirus-response_ga

AN LÁRIONAD EORPACH UM GHALAIR A CHOSC AGUS A RIALÚ (ECDC)

Déanann sé monatóireacht ar scaipeadh COVID-19 agus cuireann sé comhairle ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún.

<https://europa.eu/!Bg49tT>

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN (ECHA)

Tacaíonn sí le Ballstáit agus le tionscal aghaidh a thabhairt ar ghanntanais díghalráin.

<https://echa.europa.eu/ga/covid-19>

AN GHNÍOMHAIREACHT LEIGHEASRA EORPACH (EMA)

Seiceálann sí go bhfuil vacsaíní agus cóireálacha sábháilte agus éifeachtach, agus tugann sí treoir ón tionscal maidir le conas tástáil a dhéanamh.

<https://europa.eu/!Vv97qH>

EUROPOL

Déanann sé monatóireacht ar choireacht nua a bhaineann leas as an ngéarchéim COVID-19.

<https://europa.eu/!Mu74th>

AN BANC CEANNAIS EORPACH (ECB)

Bearta beartais airgeadaíochta chun tacú le geilleagar an limistéir euro.

<https://europa.eu/!Rr46Bm>

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA (BEI)

Tacaíocht airgeadais do SMEnna.

<https://www.eib.org/en/about/initiatives/covid-19-response/>